AN XXVú COMÓRTAS PRINTÍSEACH IDIRNÁISIÚNTA

CORCAIGH 1979

BRONNADH NA nDUAISEANNA AGUS AN SEARMANAS DEIREANNACH

AN LUAN, 17 MÉAN-FOMHAIR, 1979, 10.30 Halla na Cathrach, Corcaigh

CEÓL TIONSCNAIMH

"Réamhcheól ócáide" le Handel.

ÓRÁID an Aire Saothair,
Eoin MacGearailt Uas. T.D.

BRONNADH NA nDUAISEANNA
ag an Aire Saothair,
Eoin MacGearailt, Uas. T.D.

BRONNTA SPEISIALTA
ag an Uas. Doiminic Ó Laoghaire,
Rúnaí, Roinn Oideachais.

CEÓL

"Geantraí" le Tomás Ó Canainn

"Ceól Oibreacha Tine" ó Concerto Grosso le Handel.

ÓRÁIDEANNA DEIREANNACHA

An Comhairleoir Ró-Onórach, S.A. Ó Corra
Ard-Mhéara Chorcaí.

Manuel Valentin-Gamazo y de Cardenas,
Uachtarán, Comhairle Eagraithe Idirnáisiúnta.

A.A. Ó hEalaithe Uas.,
Cathaoirleach, Coiste Eagraithe Náisiúnta na hÉireann.

7. AMHRÁN NÁISIÚNTA NA hÉIREANN.

Ceól le Ceólfhoireann Ógánach Chorcaí faoi stiúir ag
C. Ó Ceallacháin.

Scol na dtrumpaí ó Bhuíon Cheannasaíochta an Deiscirt
le caoinchead an Aire Cosanta.

AITHEASC AN AIRE SAOTHAIR, EOGHAN MAC GEARAILT, T.D., AG BRONNADH NA NDUAISEANNA AGUS AN SEARMANAS DEIRIDH DEN CHÚIGIÚ COMÓRTAS IS FICHE IDIRNÁISIÚNTA PRINTÍSEACH, I HALLA NA CATHRACH, CORCAIGH, AR AN LUAN, 17 MEÁN FÓMHAIR, 1979 AR 10.30.

A Dhaoine Uaisle,
Is mór an onóir agus an pléisiúr dom a bheith anseo ag an searmanas deiridh den Chúigiú Comórtas is Fiche Idirnáisiúnta Printíseach.

Is seachtain, anseo i gCorcaigh, chonaiceamar taispeántais thar barr á gcur ar fáil ag printísigh i gceithre cheard is triocha. Thugamar faoi deara diongbháltacht na n-eolaithe, na n-oifigeach agus na dtoscairí teicniúla; bhí suim mhór na mbreathnadóirí ó thionscail, ó fhorais oideachais agus ó fhorais traenála le feiceáil; bhraitheamar suim an phobail i gcoitinne sa bhaile agus i gcéin ins na comórtais seo. B'fhiú an cheist a chur - cén fáth seo? Bíonn draíocht ar leith ag baint le himeachtaí idirnáisiúnta agus tá sé cinnte gur leor go mbeadh cheithre náisiún déag páirteach ins na comórtais chun aird áirithe a tharraingt orthu. Ach tá cúiseanna eile leis an leibhéal díograise ata le feiceáil chomh soiléir sin anseo.

Ar an gcéad dul síos, tá spreagadh le fáil againn go léir ó bharr feabhais a bhaineann duine amach. Tá gach duine de na daoine óga atá páirteach ins na comórtais seo ina ambasadóir, ní hamháin dá thír, ach dá cheard chomh maith. Faigheann mórán againn ábhar dóchais inár n-iarrachtaí chun caighdeáin níos aoirde a bhaint amach in oideachas agus i dtraenáil gairm beatha, le feabhas a chur ar staid na ndaoine ón leibhéal feabhais atá a thaispeáint ag na comórtais. De bharr na gcaighdeán a baineadh amach tá ár ndóchas ag dul i méid go mbeidh smacht ag an nduine ar a bhfuil i ndon dó, agus tré leanúint leis na sean-cheardanna

agus máistireacht a bhaint amach ar scileanna nua gur b'é an duine, seachas an teicneolaíocht, a shocróidh cursaí sa deire.

De bharr an taispeántais inniúlachta agus eolais atá léirithe ins na comórtais seo, beimid ábalta ar aghaidh a thabhairt ar an am atá le teacht, cuma cé chomh neamhchinnte agus atá sé, agus sinn deimhnitheach gur féidir lenár n-aosóga iad fhéin a chur in oiriúint don teicneolaíocht nua agus leas a bhaint as chun ár gcaighdeán beatha agus ár slí maireachtana a fheabhasú.

Músclaíonn an imeacht áirithe seo ár suim. Is gnáth linn aitheantas agus moladh a thabhairt d'aon éacht, pé rud ina ndeintear é, i gcúrsaí spóirt, i réimsí cultúrtha, sa tsaol acadúil, nó i sárú deacrachtaí nó freasúra sa ghnáth shaol. Is mó gné de mhianach an duine atá á thástáil ins na comórtais printíseachta seo - scil agus intleacht, eolas agus cleachtadh ar chéird, teacht aniar agus suim, obair go réidh faoi bhrú, pleanáil agus cur i gcrích, rudaí a chríochnú go snasta - sin cuid de na cáilíochtaí atá faoi scrúdú. Is furasta do dhaoine dlúthbhaint a bheith acu le hábhar na gcomórtas seo, sé sin barr feabhais in obair ghairmiúil. Is maith linn go léir aitheantas a fháil nuair a chruthaímid go maith.

Tá taithí againn go léir ar cheann amháin nó breis de na ceardanna, mar cheardaithe ghairmiúla, mar mhúinteoirí nó mar theagascóirí, nó ar a laghad mar dhaoine a úsáideann táirge nó seirbhísí. Is léir go mbeidh fíor bhuntáistí le fáil ag gach duine as forbairt na scileanna seo ag na printísigh, ag an dtionsclaíocht, ag eacnamaíochtaí ár dtíortha agus ag na daoine ins gach aon bhall tré fheabhasú ar earraí agus ar sheirbhísí.

Cuimhnimíd, freisin, ar an sochar atá le fáil as na comórtais seo ag na tíortha atá páirteach iontu. Is é an t-eolas an gléas is cumhachtaí atá ag an duine. Is fíor ghníomh caradais idirnáisiúnta an malartú eolais agus scile a thagann as na comórtais seo. Is é atá mar bhonn faoi na comhráití caoine, cairdiúla a bhíonn ar siúl idir teagascóirí, oifigigh, eolaithe agus printísigh ag na comórtais. Cuireann sé tús le cairdeas agus ceangal idir ár gciníocha. Sé an t-aineolas hamhaid mór an chine daonna, an bac is mó ar thuiscint agus ar fhorbairt an duine. Malartú fial flathúil ar eolas agus ar scil a chuirfidh feabhas ar an saol.

Is mór atá faighte ag Éirinn as a rannpháirtiocht ins na comórtais seo ó 1957. Chabhraigh siad chun caighdeán a leagadh sios i gceardanna éagsúla, chun scileanna nua a aithint agus a chur ar bun agus chun feabhas a chur ar scileanna eile. Chabhraigh siad linn chun leargas breise a fháil ar mhodhanna nua, ar ábhair nua agus ar chleachtais nua. Thárla na rudaí seo le linn d'athraithe móra a bheith ag teacht ar ár n-eacnamaíocht tré choibhneas nua a bheith idir talmhaíocht agus an tionsclaíocht agus le linn do don teichneolaíocht a bheith ag dul i bhfeidhm ar thionsclaíocht na tíre seo agus ar thionsclaíocht gach tíre eile. Tá an teicneolaíocht á fhorbairt go tapaidh sa lá atá inniu ann agus is é atá le déanamh againn anois mar a bhí cheana leas a bhaint as ar mhaithe leis an nduine.

Tá dhá phríomh aidhm lenár bpolasaí forbartha in Éirinn. An chéad cheann, an tionsclaíocht fhéin agus teicneolaíocht na tionsclaíochta a chur chun cinn. An dara haidhm, polasaí lánfhostaíochta, mar go gcreidimid go bhfuil obair thabhachtach shuimiúil, thorthúil, riachtanach do dhínit an duine agus do bhuanseasamhacht an phobail. Is í an dí-fhostaíocht, dar linn, ceann de na rudaí is mó a dheineann díobháil don phobal.

Creidimid gur féidir na spriocanna a luaigh mé a bhaint amach, in eacnamaíocht de leithéid an chinn atá againn. Creidimid nach foláir oideachas agus traenáil gairme a fheabhasú chun na spriocanna sin a bhaint amach. Dá bharr seo tá an Chomhairle Oiliúna, AnCO, atá faoi mo chúram fhéin, á leathnú go mór. Cuid den leathnú seo an t-ionad nua traenála anseo i gCorcaigh. Tá aird ar leith á thabhairt ar an bprintíseacht sa mhéid seo. Táimid ag glacadh le polasaí a thabharfaidh tréimhse maith traenála saor ón a chuid oibre don phrintíseach, ina chéad bhliain printíseachta agus scaoileadh óna chuid oibre ina dhiaidh sin, chun freastal ar choláiste teicniúil, chun a thuille traenála a fháil. Deineadh forbairt ar an bpolasaí seo i gcomhar le fostóirí, ceardchumainn agus údaráis oideachais. Tá a fhios againn go bhfuil gá le leathnú a dhéanamh ar oideachas ginerálta agus teicniúil na bprintíseach agus seans a thabhairt don phrintíseach an leibhéal is aoirde a bhaint amach. Laistigh den bpolasaí seo tá spreagadh gníomhach á dhéanamh againn ar bhreis daoine dul le printíseacht, ní hamháin de bharr easpa oibrithe a bhfuil scileanna acu ach freisin, mar go gcreidimid gur b'í an phrintíseacht ceann de na slite is fearr chun alán d'ár ndaoine óga a ullmhú don obair atá rómpa.

Tá an tsuim leanúnach atá againn ins na Comórtais Printíseachta Idirnáisiúnta le tuiscint, mar sin, agus freisin, ár mbuíochas as ucht a bhfuil gnóthaithe againn as an mbaint a bhí againn leis na himeachtaí seo sna blianta atá thart.

Is mór agam go bhfuil deire sásúil tagtha leis an gCúigiú Comórtas is Fiche - pointe an-tábhachtach i saol na bun-eagraíochta. Tá ár mbuíochas dá bharr seo tuillte ag an gCoiste Eagraithe Náisiúnta, ag a Chathaoirleach an t-Uasal Abhaistin Ó hÉalaithe, ag Stiúrthóir an Chomórtais, an t-Uasal Risteard Langford, agus ag na

hEagraíochtaí agus ag na daoine iomadúla a bhfuilimid faoi chomaoin mhór acu.

Ba mhaith liom a lua chomh maith, comhoibriú an Choiste Idirnáisiúnta. Ní hé amháin gur thugadar d'onóir dúinn an comórtas a reachtáil i gCorcaigh, ach chuireadar ar fáil dúinn an taithí mhór atá acu i ngach céim d'ullmhú agus d'eagrú an chomórtais. A Uachtaráin Gamazo, deinim comhgháirdeachas leat fhéin agus led' chomhleacaithe de bharr na sár oibre atá á dhéanamh agaibh ar son na bprintíseach leis na blianta agus guim beannacht ó chroí ar an obair as seo amach. Faoin am go mbeidh Iubhaile Órdha an chomórtais á ceiliúradh táim cinnte gur mó aghaidh nua a bheidh ar an ardán don bhronnadh, ach táim chomh cinnte céanna go mbeifear tugtha níos mó ná ariamh d'ardchaighdeáin i scileanna gairme agus don chomhoibriú idirnáisiúnta a chuirfidh é seo i gcrích. Cuirimid na smaointe seo in iúil as Gaeilge sa ráiteas gonta sin "Gura fade buan sibh."

Mar bhuille scoir, ba mhaith liom traoslú leis na buaiteoirí agus guím óm chroí amach go n-eireoidh thar barr leo ina ngairm beatha agus ina saol.

Nuair a smaoiníonn tú ar an gcaighdeán i gcoitinne ins na comórtais seo, tá barr feabhais bainte amach ag na buaiteoirí imeasc iomaitheoirí a bhí, in iomláine, ar fheabhas. Is maith atá a ngradaim tuillte acu agus is féidir leo a bheith mórálach astu, mar bhaineadar amach iad i gcomórtais ina raibh scileanna agus buanna iomadúla á dtástáil.

Táim ag tnúth leis na duaiseanna a bhronnadh orthu agus traoslú le gach duine acu ar leith. Ba mhaith liom, áfach, traoslú le gach iomaitheoir. Chuir siad ar fáil dúinn ins na comórtais seo, taispeántas de scoth-thréithe

an duine, maraon le inniúlacht theicniúil. Tá a fhios agam gur fearrde iad an taithí a fuair siad ins na comórtais, díreach mar is fearrde sinn go léir a dtaispeántais a fheiceáil. Cuirim mo dhea-mhéinn in iúil dóibh agus iad ag filleadh abaile go dtí a dtuismitheoirí agus a dteaghlaigh áit a bhfuil súil agam go gcuimhneoidh siad le gean ar Chorcaigh, ar Éirinn agus ar an gCúigiú Comortas is Fiche Idirnáisiúnta Printíseach.

Óráid Árd-Mhéara Chorcaí, an Comhairleoir Só Corra ag an Searmanas Deireannach den XXVú Comórtas Printíseach Idirnáisiúnta i Halla na Cathrach, Corcaigh, ar an Luan, 17.Méan Fomhair, 1979.

---

A Chathaoirligh, a Aire, a Uachtaráin Gamazo, a Dhaoine Uaisle.

Nuair a labhair mé ag tionscnamh na gComórtas Printíseach Idirnáisiúnta seo, dúirt mé gurbh ócáid áthais dom í, fáiltiú romhaibh go hÉirinn agus go dtí cathair bhrea Chorcaí. Anois ó tá na comórtaisi ag druidim chun deiridh, mothaím ábhairín brónach, mar is gnách do dhuine nuair a bhíonn air slán fhágáil ag compánaigh agus cáirde nua.

Agus maidir leis na daoine san go léir go raibh baint acu leis na comórtaisí, is mian liom a rá go mbrathaimid go bhfuil cáirde nua againn anois. Thar ceann muintire Chorcaí, geallaimse daoibh gur tugadh dea-shampla dúinn, ní hamháin trí scileanna agus trí dhúthrach na niomathóirí, ach freisin trí dhea-iompar, cúirtéis agus tiomnú na noifigeach.

Cibé scéal é, an rud ba mhó a chuaigh i bhfeidhm orainn ná obair na gceardlanna néagsúla - an dianmhachnamh, an ghluaiseacht réamhbheartaithe agus oilteacht muiníneach na niomathoiri ag gach aon stáisiún. Bhíomar ag súil le saothar ceardúil, de bhrí go raibh scoth na nógánach néirimiúil as ceithre thír déag, bailithe anseo. An rud a chonnacamar áfach, bhí sé creathnach nach mór. Is mian liom mar sin buíochas ó chroí a ghabháil leis na hiomathóirí go léir as ucht an tslí in ar thugadar go dúthrachtach faoi shaothair éagsúla an chomórtais.

Cé go raibh an choimhlint géar, bhí an iomaíocht i gcónaí cáirdiúil agus ní raibh riamh aon rian de mhioscais idir na hiomathóirí. Tá moladh thar na bearta tuillte acu dá bharr.

Déanaim comhgháirdeas leis na buathóiri go speisialta. Thugadar an craobh leo i gcomórtas ina raibh na daoine is éirimiúla ó ghach aird den domhan páirteach. Caithfidh gur ceann de na heachtraí is mó a thárla dóibh riamh an bua seo agus táimse cinnte go gcuimhneoid le mórtas air, pé am amach anseo a luafar Cathair Chorcaí.

Tá Corcaigh níos fearr as de bhárr gur tháinig sibh 'nár measc. D'fhoghluimíomar alán uaibh agus tá súil againn gur fhoghluimíobhar rud éigin uainn agus go dtógfaidh sibh libh cuimhní áthais de bhúr gcuairt anseo i gCorcaigh.

Thar ceann Bhárdais agus muintire Chorcaí mar sin, guím turas slán abhaile daoibh go léir chuig bhúr dtíortha éagsúla. Go néirí go geal leis na hiomathóirí ina slite bheatha agus go raibh cúig bliana is fiche eile de chomórtaisí rathúla ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta.

Slán agus beannacht oraibh go léir.

Oráid Dheireannach Uachtaráin na Comhdhála

I 1950 nuair a chéad smaoinigh gasra fear flaithiúil, daoine óga ó thíortha éagsúla a thabhairt le chéile d'fhonn a gcumas i scileanna tionsclaíochta agus ceardaíochta a thástáil, dhéanadar i bhfad níos mó ná córais oiliúna a thástáil. D'fhonn a thaispeáint go raibh daoine óga an domhain lán d'fhiúntas daonna agus spioradálta, a bhí uathu i ndáiríre agus go bhféadfadh saothar ins na siopaí agus ins na monarcanna a bheith chun leasa an phobail i gcoitinne, an náisiúin agus an chine daonna.

Agus bhí muinín ag an ngasra seo i dtréithe na hóige - flaithiúlacht, dílseacht agus soirbhíochas. Cúig uaire fichead, ar ócaidí de shaghas ócáide an lae inniu, taispeáineadh go soiléir nach raibh dul amú ar cheannródaithe na gComórtas Ceard- Oiliúna Idirnáisiúnta. Uair amháin eile,an turas seo ar thalamh uasal na hÉireann, tháinig na céadta ógánach le chéile, faoi stiúir ghasra gan traochadh de shaineolaithe i ngach ceann de chéirdeanna teicniúla agus ceardaíochta na nOilimpiad seo, in omós d'fhir agus do mhná an domhain, a chreideann nach féidir teacht ar shaibhreas, ar rath agus ar shíochain ach amháin trí thréithe glana flaithiúla na hóige.

Ta fhios ag cách go bhfuil an domhan ina mhairimid lán de na leibhéalta is aoirde d'eolas daonna,d'eolaíocht agus de theicníocht. Ag an am céanna tá an domhan lán de dhaoine daonna agus de phobail atá fós ag iarraidh teacht i dtír ó bhochtannas agus ó hanó. Ta an bearna idir iad seo agus na tíortha forbartha ag dul i méid agus tá dúil á bhaint diobh, caighdeán leasa agus chultúir a mbráthar ámharach a shroisint go deo. Ach tá na tíortha saibhre seo freisin ag cur aithne de réir a chéile ar dhuáilce morálta agus sóisialta, rud a chuireann an saol i gcontúirt agus atá mar chúis imní.

Dá bhrí sin, is comhartha dóchais, an cúigiú féile is fiche d'Oilimpiad na gCeard nOiliúna. Creidimid gur cóir comhshnaidhmeadh daoine óga leis an saol torthúil a dhéanamh, trí phróiséis oiliúna leathan, a chuireann san áireamh bonn leathan cultúrtha agus sóisialta, gan trácht ar theicníocht ná ar mhodhanna, sa tslí go ndéantar den ógfhear, saoránach faoi lán cluimhrí agus a shroiseann tuiscint agus forbairt iomlán ar phlána daonna agus spioradálta chomh maith.

Inniu is féidir linn an t-eolas a bailiodh ó thorthaí córas múineadh iomadúla ins na céirdeanna teicniúla agus ceardaíochta, atá tar éis iad féin a chruthú cheana ins na haidhmeanna thuasluaite, a thairiscint don domhan. Trí na Comórtaisí Idirnáisiúnta connachthas go raibh deiseanna ann chun forbartha sóisialta agus eachnamaíochta le cabhair córas oiliúna nua-aimseartha in institiúideanna príobháideacha agus stáit, trí oiliúint theoiriciúil agus phraicticiúil an dalta óig a chomhaontú, agus dá chómhartha sin, ag cur san áireamh córais dhúbailte nua - aimseartha in a ndéantar obair an tsiopa nó obair na monarcan, ar aon uain le hoiliúint teicniúil agus dhaonna ins na scoileanna.

Sa tslí san agus ins an iliomad rud eile tá na comórtaisí tar éis cuidiú le fadhbanna sóisialta agus eachnamaíochta an domhain. Conas is féidir na blianta go léir de ghníomhú a achoimriú i gcúpla focal? An féidir tionchar na ndaoine san go léir 'nár measc a chaith dúthracht i gcúig chomórtas is fiche a chur i bhfocail? An rud is fearr is féidir a rá inniu, rud atá níos tábhachtaí fiú ná an cabhair a thugamar i ndul chun cinn nithe teicniúil, ná go bhfuil spiorad an chomhoibriú agus spiorad an charadais go láidir ionainn.

Dá bhrí sin, tar éis na blianta go léir de chomhoibriú, theastaigh uainn go mbeadh an XXV ú féile mar chómhartha omóis do dhóchas. Is ionann labhairt i dtaobh dóchais gan aon bhonn ceart agus creidiúint i nithe dodhéanta ach tá cúiseanna maithe stuama againn le bheith dóchasach san am atá romhainn. Táimid dóchasach mar go bhfuilimid ag tairiscint don chine daonna cultúir, forbairt agus saoirse don todhchaí. Táimid dóchasach mar, má éirigh linn go dtí seo is féidir linn leannúint de, san am atá le teacht, ainneoin athraithe ár sibhialtachta. Táimid

dóchasach mar go bhfuil ár nimeachtaí bunaithe ar thaithí stuama na dteicneolaithe agus na saineolaithe a bhí i gcónaí linn. Faoi dheireadh táimid dóchasach mar gurb í an óige fórsa tiomána agus anam ár gcruthú.

Ins an bhféith sin, ba mhaith liom uair amháin eile buíochas ár nEagraíochta a chur in iúl do Stáit agus Rialtas na hÉireann. Más ag canadh iomann don am atá le teacht atáimid inniu, is leis an gcinnteacht go raibh an obair a déanadh agus an tam a caitheadh in Oileán Isthghlas Éireann, torthúil go maith, a bhuí le cúnamh flaithiúil na muintire teo-chroíoch seo. Gabhaimid buíochas ar leith agus déanaimid comhghairdeas croíuil le Coiste Náisiúnta na hÉireann maraon le gach aoinne eile a rinne eachtra do-dhearmadta de laethe seo Mí Méan Fomhair.

I ndeire báire, ba mhaith liom traoslú libhse, a iomathoirí óga as ucht bhúr dian-saothair agus bhúr ndíograis. Tá súil agam go mbéarfaidh sibh teachtaireacht síochána abhaile libh ón eagraíocht seo lena mbainimid go léir. Nuair a shroisfidh sibh baile, innis dóibh go rabhabhar i bhfocair daoine ó ghach aird den domhan agus nach raibh aon deachracht ag baint leis, a bhuí leis an bhfírinne gur bhuaigh caradas ar ghach rud. Mar sin críochnaíonn ár XXVú Féile leis an searmanas deireannach iontach seo. Tá súil agam go mbeidh turas taitneamhach abhaile agaibh. Buailfimid le chéile arís ag an XXVIú Oilimpiad le díograis nua agus le heispéireas nua do chách mar, faoi mar a dúirt an file romansúil Gearmanach:

"Gach ní atá faoi réir ama, tiocfaidh bláth air arís amárach, le háilleacht bhreise."

---

Óráid an Uasail A.A. Ó hÉalaithe, Uachtarán an Choiste Eagraithe Náisiúnta, ag an Searmanas Deireannach den 25ú Comórtas Printíseach Idirnáisiúnta i Halla na Cathrach, Corcaigh ar an Luan, Méan Fomhair 17, 1979

---

M'Árd-Mhéara, a Aire, a Uachtaráin Gamazo, Baill na Comhdhála Idirnáisiúnta, a Thoscairí, a Phrintísigh agus a cháirde.

> "Our revels now are ended,
> These our actors as I foretold you,
> Were all spirits and
> are melted into air, into thin air".

Mar sin a labhair Prospero san dráma "The Tempest" le Liam Shakespeare.

Le linn daoibh bheith 'nár measc bhí pléaracha de ghach uile short againn. Ag na pléaracha sóisialta, chasamar ar a chéile agus mhalartaíomar tuairimí. Fuaireamar amach, rud a bhí ar eolas againn riamh is dóigh liom, go raibh níos mó cosúlachtaí eadrainn ná a mhalairt, cé gur ó mhór-reanna éagsúla, ó thíortha éagsúla agus ó chultúir éagsúla dúinn.

Le linn pléaracha an taistil thaispeánamar daoibh le háthas agus le mórtas roinnt gnéithe dár gcathair, dar dtír, dár gcultúir agus dár slite maireachtála, ag súil go gcuirfeadh sibh aithne níos fearr orainn agus go mbeadh meas níos mó agaibh orainn dá bharr. Lorgaíomar cosúlachtaí idir chnuic agus déanamh na cathrach seo againne agus cnuic agus déanamh Pusan. Ní éiríonn sléite Chiarraí chomh hárd le Sléite na nAlp san Eilbhéis ach éiríonn siad i dtreo na spéire céanna. Chroith leoithne an Fhomhair an t-arbhar órga anseo i gCorcaigh chomh cinnte agus a dhéanann siad é i Kanaas. Thug an tsúil dhubh agus an aghaidh dhonn i mBeanntraí cuimhní na Spáinne fadó chun chuimhne. Nuair a chanamar faoi abha na Laoi, d'fhéadfadh sé bheith faoi abha na Réine nó na Séine chomh fuirist. Is dóigh liom gur féidir a rá go bhfuil aithne níos fearr againn ar a chéile.

Tagaimid ansan chuig pléaracha an chomórtais - an disciplín, an smacht, an obair chrua, saothar agus tiomnú na bprintíseach, an tomhas, an measúnú, an breithiúnas, an comhaontú i ndhiaidh na cainte agus na díospóireachta, an corraí a bhrathamar de réir mar dhéanamar suas ar naigne i dtaobh an tsaothair ins na céirdeanna go léir, an tuairimíocht agus an teannas a d'fhás i rith cruinnithe rúnmhara an Choiste Theicniúil agusComhdháil na mBall, sar a déanadh an fógra oifigiúil.

Ta na háiteanna socruithe, tá na torthaí curtha suas agus tá an saothar críochnaithe iniúchta. Ta ionadh orainn faoin árd - chaighdeán agus deirimid gur féidir linn go léir anois an rud breise sin fheiscint ins na scéimeanna a bhuaigh, cé go gcreidimid i ndáirire go raibh sé deacair ar na giuiréithe cinneadh ar chomhairle toisc saothar na bprintíseach a bheith chomh maith san.

Ansan tagaimid chuig na pléaracha foirmiúla - searmanas na hoscailte, na cainteanna, na hóráideanna agus cuairdeanna na nuasal, ag teacht chun buaice le bronnadh na mbonn agus an Searmanas Deireannach Foirmiúil.

Ta na boinn bronnta, agus an tollgháirdeas tugtha do bhuathóiri agus d'iomathóiri ag gach aoinne seachas mé féin agus déanaim san anois le teann macántachta agus le cinnteacht. Is ábhar mórtais agus áthais do na tíortha go léir ár bprintísigh uile. Ta meas againn ar bhúr saothar, bhúr niarrachtaí agus ar bhúr niompar. Tá sibh tar éis dul i bhfeidhm orainn go smior agus cuimhneófar air go ceann i bhfad.

Ta gach rud thart anois ach an coisir dheireannach. Fágann na haisteoirí an stáitse agus leanann na giollaí - na daoine san go léir nach bhféadfainn a ainmniú a d'oibrigh ar na cliatháin ar mhaithe leis an 25ú Comórtas Printíseach Idirnáisiúnta. Caithfidh go bhfuilid anois lán tsásta le torthaí a gcuid oibre. Táimid faoi chomaoin acu. Tá sibh anois ag imeacht, printísigh, toscairí, oifigigh, cuntóirí, cáirde ach murab ionann agus aisteoirí Prospero nár fhág raca na ndiaidh, fágann sibhse oidhreacht muintearais, dea-mhéine, eolais agus oilteachta. Agus de réir mar imíonn sibh 'sé ar nguí daoibh, go raibh Dia libh agus go bhfeice Sé slán abhaile sibh.